Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8898/26**

**EF 142**
**ECOFIN 576**
**DELACT 84**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2867 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 4.5.2026 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le rochtain ar fhaisnéis rialáilte ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2867 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2867 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.5.2026
C(2026) 2867 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.5.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le rochtain ar fhaisnéis rialáilte ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Cuirtear an gníomh tarmligthe seo in ionad Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún (caighdeáin theicniúla rialála maidir leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach) a glacadh i mí na Bealtaine 2016 chun na ceanglais a ailíniú leis na Caighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme maidir le cúraimí chomhlachtaí bailithe an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP) agus na Caighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme maidir le feidhmiúlachtaí ESAP.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún, leagadh síos caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais theicniúla agus oibríochtúla maidir le Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil chun faisnéis rialáilte a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs Pointe Rochtana Leictreonach Eorpach a fhorbairt agus a oibriú faoi Threoir 2004/109/CE (an Treoir um Thrédhearcacht).

An Pointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2023/2859, soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis rialáilte leis agus cuirtear é in ionad an Phointe Rochtana Leictreonaigh Eorpaigh a bunaíodh roimhe sin faoi Airteagal 21a den Treoir um Thrédhearcacht, rud a fhágann go bhfuil roinnt forálacha de na caighdeáin theicniúla rialála atá ann cheana maidir leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach imithe i léig agus iomarcach.

Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil, lena mbailítear faisnéis rialáilte faoi láthair de bhun Airteagal 21, mír 2, den Treoir um Thrédhearcacht, ainmnítear iad mar chomhlachtaí bailithe ESAP faoi Airteagal 23a, mír 3, den Treoir sin agus, dá bhrí sin, beidh siad faoi réir na rialacha nua is infheidhme maidir le gach comhlacht bailithe ESAP. Is é is aidhm do na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin na ceanglais a ailíniú le reachtaíocht ESAP.

Leis an Treoir um Thrédhearcacht, ceanglaítear ar ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le rochtain ar fhaisnéis rialáilte ar leibhéal an Aontais. Chuir ESMA na caighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 16 Deireadh Fómhair 2025. Leagtar amach sa téacs a ghabhann leis seo na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chuirtear in ionad na gcaighdeán teicniúil rialála maidir leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ós rud é gur cheart do ESMA an gníomh tarmligthe a dhréachtú, bhí comhairliúchán poiblí á dhéanamh aige.

Foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin ESMA maidir le ‘caighdeáin theicniúla rialála na formáide leictreonaí aonair Eorpaí le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta agus maidir leis na leasuithe ar caighdeáin theicniúla rialála an Phointe Rochtana Leictreonaigh Eorpaigh’ mar chuid de chomhairliúchán níos leithne an 13 Nollaig 2024 agus dúnadh an tréimhse chomhairliúcháin an 31 Márta 2025. Tá na freagraí a fuarthas ar an bPáipéar Comhairliúcháin

ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA[1], ach amháin má d'iarr freagróirí go bhfanfadh a bhfreagraí faoi rún.

Áiríodh sa Pháipéar Comhairliúcháin trí cheist maidir leis na leasuithe ar na caighdeáin theicniúla rialála i dtaca leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach. I gcás gach ceiste, chuir ESMA achoimre san áireamh ina Ráiteas Aiseolais ar phríomhthéamaí na mbarúlacha a fuarthas.

Níor thug an Grúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 comhairle maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar na caighdeáin theicniúla rialála i dtaca leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe bunaithe ar Airteagal 22 den Treoir um Thrédhearcacht.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, déantar na caighdeáin theicniúla rialála maidir leis an bPointe Rochtana Leictreonach Eorpach a aisghairm agus a ionadú chun a cheanglais a ailíniú leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cúraimí chomhlachtaí bailithe ESAP agus leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le feidhmiúlachtaí ESAP.

---

[1] https://www.esma.europa.eu/press-news/consultations/consultation-esef-rts-sustainability-reporting-and-amendments-eeap-rts

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.5.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le rochtain ar fhaisnéis rialáilte ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE[2], agus go háirithe Airteagal 22(2), an tríú fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) pointe rochtana aonair Eorpach (ESAP) a bhunú agus a oibriú lena soláthraítear rochtain lárnach leictreonach ar raon leathan faisnéise, lena n-áirítear faisnéis rialáilte arna cur isteach ag an Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus a ainmnítear faoi Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE.

(2) Thairis sin, le Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] aisghaireadh Airteagal 21a de Threoir 2004/109/CE, faoinar oibrigh ESMA tairseach ghréasáin a fheidhmíonn mar phointe rochtana leictreonaí Eorpach chun an fhaisnéis rialáilte sin a stóráil agus a fhoilsiú ar bhonn an tSásra atá Ceaptha go hOifigiúil.

(3) Le Treoir (AE) 2023/2864 cuireadh Airteagal 23a isteach freisin i dTreoir 2004/109/CE chun a shonrú gurb é an Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil a ainmnítear faoi Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE an comhlacht bailiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2023/2859.

(4) Mar thoradh air sin, ba cheart feidhm a bheith ag ESAP anois maidir le rochtain a thabhairt, ar leibhéal an Aontais, ar fhaisnéis rialáilte a dhéanann na Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil a stóráil.

---

2 IO L 390, 31.12.2004, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj.

3 Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L, 2023/2859, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj).

4 Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj)

(5) Chun a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo ina léiriú ar na leasuithe ábhartha ar Threoir 2004/109/CE agus go mbeidh sé ailínithe le Rialachán (AE) 2023/2859, Treoir (AE) 2023/2864 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338[5] agus (AE) 2025/1339[6] ón gCoimisiún maidir le rochtain ar fhaisnéis rialáilte faoi Threoir 2004/109/CE, ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún a leasú[7].

(6) Ós rud é gur gá forálacha uile Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 a leasú go substaintiúil, áfach, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun éascaíocht tagartha a áirithiú, ba cheart an Rialachán Tarmligthe sin a aisghairm agus caighdeáin theicniúla rialála nuashonraithe a chur ina ionad, ar caighdeáin iad atá ailínithe leis na ceanglais maidir le Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/2859, i dTreoir (AE) 2023/2864 agus i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 agus (AE) 2025/1339.

(7) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe.

(8) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d’iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(9) Ós rud é, i gcomhréir le hAirteagal 23a de Threoir 2004/109/CE, go bhfuil na Ballstáit lena áirithiú go gcuirfear faisnéis rialáilte faoi bhráid an chomhlachta bailithe chun í a dhéanamh inrochtana ar ESAP ón 10 Iúil 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Faisnéis rialáilte a chuardach**

1. Bunóidh agus oibreoidh ESMA an Pointe Rochtana Aonair Eorpach (‘ESAP’) de bhun Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2023/2859 mar an lárphointe rochtana le haghaidh úsáideoirí chun faisnéis rialáilte a chuardach ar leibhéal an Aontais.

---

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2025 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le feidhmiúlachtaí an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2025/1338, 11.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1338/oj).

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2025 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le tascanna áirithe na gcomhlachtaí bailiúcháin (IO L, 2025/1339, 11.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1339/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le rochtain ar fhaisnéis rialáilte ar leibhéal an Aontais (IO L 234, 31.8.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1437/oj)

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj)

2. Áiritheoidh ESMA go dtairgfidh ESAP, maidir leis an bhfaisnéis rialáilte a chuirtear ar fáil leis na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear i dTreoir 2004/109/CE, na critéir chuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2023/2859.

*Airteagal 2*

**Teicneolaíochtaí cumarsáide**

1. Ráthóidh ESMA slándáil agus sláine na faisnéise rialáilte a mhalartaítear idir Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil agus ESAP.

2. Úsáidfidh Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil na prótacail idirlín shlána dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (d), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339, chun faisnéis a chur ar fáil ar ESAP.

3. Cuirfidh Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil an fhaisnéis rialáilte ar fáil ar ESAP trí aistriú comhaid.

4. Áiritheoidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil go mbeidh a nasc le ESAP ar fáil d’úsáideoirí ar feadh 97 % den mhí ar a laghad.

*Airteagal 3*

**Soláthar faisnéise do ESAP ag Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil**

1. Soláthróidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil do ESAP an fhaisnéis rialáilte dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2023/2859 agus laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339.

2. Soláthróidh Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil do ESAP na meiteashonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339, lena n-áirítear na meiteashonraí uile a chuireann eisitheoirí faoi bhráid na Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil de bhun Airteagal 23a de Threoir 2004/109/CE.

3. Cuirfidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil ar fáil do ESAP gach leagan teanga de na doiciméid a scaipeann eisitheoirí agus a stórálann an Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Threoir 2004/109/CE.

4. I gcás ina gceartaíonn eisitheoirí faisnéis agus ina gcuireann siad faisnéis faoi bhráid Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil arís, cuirfidh an Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil sin ar fáil do ESAP an doiciméad a cuireadh isteach arís agus na meiteashonraí a ghabhann leis laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339.

5. Ní ghearrfaidh Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil muirear ar ESMA as faisnéis rialáilte, na meiteashonraí nó, i gcás inar gá, an ríomhshéala cáilithe a sholáthar, ná as aon chostas a thabhóidh na Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil chun nascadh le ESAP.

*Airteagal 4*

**Aitheantóir uathúil a úsáideann Sásraí atá Ceaptha go hOifigiúil**

Úsáidfidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh sonrach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338.

*Airteagal 5*

**Formáid choiteann chun meiteashonraí a sheachadadh**

1. Soláthróidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil meiteashonraí do ESAP san fhormáid a shonraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339.
2. Seachadfaidh gach Sásra atá Ceaptha go hOifigiúil meiteashonraí maidir le faisnéis rialáilte chuig ESAP i gcomhréir leis an tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1339.

*Airteagal 6*

**Liosta coiteann agus aicmiú na faisnéise rialáilte**

Comhfhreagróidh liosta coiteann na gcineálacha faisnéise rialáilte do na cineálacha faisnéise a liostaítear sa tábla den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1338 agus a bhaineann le Treoir 2004/109/CE.

*Airteagal 7*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1437.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*